

NUACHTLITIR EALAÍN NA GAELTACHTA




Fáilte chuig Nuachtlitir míosúil Ealaín na Gaeltachta


Nuacht

Tá sé fógartha ag Centre Culturel Irlandais na daoine sin a fuair cónaitheachtaí agus sparánachtaí do chlár 2020-2021. Maoiníonn Ealaín na Gaeltachta tréimhse cónaitheach amháin d'ealaíontóir Gaeltachta faoin chlár seo agus tá áthas orainn gurb í Dairena Ni Chinneide a bronnadh an cónaitheacht uirthi i mbliana.

Comhghairdeas leis an bheirt ealaíontóir Gaeltachta a bheidh ag caitheamh seal i bPáras in 2020/2021 ar sparánachtaí Eorpacha eile chomh maith, Cormac Ó Beaglaoich & Fearghus Ó Conchúir.



Nuacht



Déanann muid comhghairdeachas le Teac Damsa agus Michael Keegan Dolan as ucht ainmniúchán a bheith faighte acu do Ghradam Olivier 2020 don scothléiriú damhsa is déanaí atá acu 'MÁM'. Is é an ceoltóir Cormac Begley (thuas), de bhunú Chorca Dhuibhne, príomhcheoltóir an tseó agus tá an t-ábhar fréamhaithe i gcultúr na Gaeltachta.

Tá léirithe damhsa de chaighdeán domhanda á gcur le chéile ag Keegan Dolan le blianta fada agus is é seo an ceathrú ainmniúchán Olivier atá faighte ag léirithe dá chuid.

Bunaíodh Teac Damsa i nDaingean Uí Chúis le blianta beaga anuas agus is sa gcomhlacht clúiteach Fabulous Beast Dance Theatre a cuireadh an chéad síol.

Bhí an léiriú 'MÁM' ar stáitse i mBaile Átha Cliath, Londain, san Astráil agus sa Nua Shéalainn go dtí seo.

Na hIonaid

An tIonad Cultúrtha, Baile Mhúirne

Ag soláthair cláracha ealaíne don aos óg agus do phobal cheantar Mhúscaí. Tuilleadh eolais ar fáil ar an suíomh

www.ionadculturtha.ie

06/03/2020: Gatehouse

20/03/2020: Danny O'Mahoney & Liz Kane, Diarmuid Ó Meachair

27/03/2020: Kirsten Grainger & True North



InterFace

Clár Cónaitheach d'ealaíontóirí sa nGleann Eidhneach i gConamara.

Áras Éanna, Inis Oírr



Is é Aras Éanna an tIonad Ealaíon is faide siar san Eoraip atá suite ar Oileán Inis Oírr.

Áras Inis Ghluair, Béal an Mhuirthead

Clár imeachtaí le fáil ar an suíomh

Amharclann Ghaoth Dobhair



9-10/03/2020

Féile Scoildhrámaíochta Ghaoth Dobhair

14/03/2020

Féile Jazz: Michael Kanan TRIO, Conor Murray, Michael Murray @8i.n

An Gailearaí, Gaoth Dobhair




Oscailte Oifigiúil ar an Taispeántas 'Scaipeadh Solais' le Ian Gordon.

Oslóidh Brian Lacey an taispeántas sa Ghailearaí, oíche Shatharn, 7 Márta @7.30i.n

Imeachtaí

Ceangal/Dolen II

Tá an-áthas orainn Ceangal/Dolen II, comhdháil d'earnáil na hamharclannaíochta Gaeilge, Gàidhlig agus Cymraeg, a fhógairt. Beidh sé ar siúl i nGaillimh ar an 3 & 4 Aibreáin. Beidh plé spreagúil idir cleachtóirí, léiritheoirí, maoinitheoirí agus eagrais náisiúnta ó Éire, Alba agus an mBreatain Bheag. Tá líon teoranta de liúntais ar fáil d'ealaíontóirí gairmiúla neamhspleácha i réimse na hamharclannaíochta. Is féidir gach eolas a fháil faoin chomhdháil ar ár suíomh: www.ealain.ie



Cruinniú na nÓg



Beidh Cruinniú na nÓg á reáchtáil i mbliana ar an 13 Meitheamh. Reáchtáiltear an lá cruthaitheacht don óige i gcomhar le 31 Údarás Áitiúil agus le tacaíocht ó RTÉ chun raon leathan gníomhaíochtaí cruthaitheachta spraiúla, saor in aisce a chur ar bun do leanaí agus do dhaoine óga

Tá tuilleadh eolais le fáil ar an suíomh www.cruinniu.creativeireland.gov.ie. Is féidir teagmháil a dhéanamh le údaráis áitiúla maidir le himeachtaí a eagrú,

Tá gach eolas ar scéimeanna Ealaín na Gaeltachta, an critéar a théann leo, foirm iarratais srl. le fáil óna hÁisitheoirí Ealaíona. (Sonraí eolais ar an leathanach deireanach)

Deiseanna Eile

An Chomhairle Ealaíon

Coinnigh do shúil amach do Scéimeanna Maoinaithe an Chomhairle Ealaíona ag an nasc thíos.

www.artscouncil.ie

- Dámhachtain taistil agus oiliúna

Spriocdháta leanúnach

- Scéim na scríbhneoirí sna scoileanna

Spriocdháta leanúnach

-Maoiniú Deontais do na hEalaíona

Spriocdháta 12 Márta 2020

- Scoileanna Ildánacha

Spriocdháta 19 Márta 2020

- Scéim na nealaíontóirí sa phobal

Acmhainní agus eolas ar fáil ó Create:www.create-ireland.ie/

Spriocdháta 30 Márta 2020

-Scéim Chónaitheachta dEalaíontóir Téatair

Spriocdháta 09 Aibreán 2020

- Dámhachtain Coimisiún sa Cheol

Spriocdháta 30 Aibreán 2020

Éigse Éireann

Comórtas Filíochta 2020

Oscailte do daoine atá +16 bliana agus atá ina gcónaí in Éirinn.

Duaiseanna 1ú Áit € 250, 2ú Áit € 150, 3ú Áit € 100

Iontrálaí ar aon téama trí ríomhphost amháin ag poetrycompetition@sdublincoco.ie ón 2 Márta 2020.

Is é an dáta deiridh le haghaidh iontrálacha ná **6 Aibreán 2020.**

Tuilleadh deiseanna [anseo!](#)

TULCA

Fógraíonn Féile na nEalaíon TULCA sonraí ar a nglaoch osailte 2020 leis an gcoimeádaíocht ag Sarah Browne. www.tulca.ie

Spriocdháta d'iarraais: 23 Márta 2020 -opencall@tulca.ie



Deiseanna Eile

Feidhmeannach Turasóireachta: Áras Éanna & Inis Oírr

Tá Bord Áras Éanna & Comhar Caomháin Teo. ag tairiscint post ar chonradh mar Fheidhmeannach Turasóireachta.



Beidh an té a cheapfar lonnaithe in Áras Éanna, Inis Oírr agus beidh sé de chúram air / uirthi clár oibre turasóireachta a fhorbairt, a bhainistiú agus a riaradh i gcomhar le Bord Áras Éanna agus le Comhar Caomháin Teo. Beidh an té a cheapfar ag forbairt agus ag déanamh margaíochta ar phacáistí, táirgí agus éispéiris thurasóireachta bunaithe ar acmhainní an oileáin.

Tá fáilte roimh iarratais ó dhaoine leis na cáilíochtaí ábhartha tríú leibhéal, le taithí i bhforbairt agus i gcur chun cinn togra turasóireachta, ealaíona nó cultúrtha agus a bhfuil taithí margaíochta, bainistíocht tograí nó forbartha pobail acu.

Ní mór d'iarrthóirí ardchaighdeán i scríobh agus i labhairt na Gaeilge a bheith acu chomh maith le scileanna ríomhaireachta, riaracháin agus eagrúcháin.

Sonraí poist agus tuilleadh eolais ag Dara ag araseanna@gmail.com

Le cur isteach ar an post seol CV & agus litir clúdach chuig araseanna@gmail.com roimh 5in Déardaoin an 19 Márta 2020.

Beidh na hagallaimh sna Forbacha, Co. na Gaillimhe an gCéadaoin an 25ú Márta 2020.

Tá an post seo maoinithe faoi scéim oiliúint Údarás na Gaeltachta. Beidh an té a cheapfar páirteach i nGreasán Foghlama a bhaineann le tograí straitéiseacha turasóireachta sa nGaeltacht agus beifear ag freastal ar cúrsa turasóireacht ar-líne i gcomhar le Institiúid Teicneolaíocht Trá Lí

Deiseanna Eile

Léiritheoir Comhlach/Riarthóir Compántais - Teac Damhsa

Tá Teac Damhsa ag earcú do ról Léiritheoir Comhlach/Riarthóir Compántais chun tréimhse cúram máithreachais a chlúdach.

Is é feidhm an róil seo ná a chinntiú go ritheann na réimsí riaracháin, airgeadais agus eile den chompántas ar shlí ghairmiúil agus réidh chomh maith le tacaíocht a chur ar fáil don Stiúrthóir Ealaíne agus an Léiritheoir.

Cuir d'iarratas agus do CV chuig Johnny O'Reilly
(johnny@teacdamsa.com)

Spriocdháta d'iarratas, 13 Márta ag 5in.



Comhairle Contae Dhún na nGall

Féilte Réigiúnacha agus Imeachtaí Rannpháirtíochta in 2020
Tacaíocht a sholáthar dóibh siúd atá ag reáchtáil imeachtaí, gníomhaíochtaí agus tograí go háitiúil agus sa phobal.

Dírítear ar fhéilte agus ar imeachtaí rannpháirtíochta atá bainteach le ceann de na catagóirí seo a leanas:

- Féilte ginearálta a reáchtáiltear i gContae Dhún na nGall (i.e. litríocht, stair, cultúr traidisiúnta nó atá dírithe ar theaghlach).
- **Ealaíona, Ceol agus Drámaíocht.**
- Bia agus Deoch.
- Spóirt agus Imeachtaí amuigh faoinspéir.
- Gnó agus Oideachas.



Comhairle Contae
Dhún na nGall
Donegal County Council

Caithfear an fhoirm iarratais chomhlánaithe a chur chuig:
esharpe@donegalcoco.ie roimh **25 Márta 2020.**

Ná deanaigí dearmad teagmháil a dhéanamh linn ag
ealain@udaras.ie má tá aon bhlúirín eolais agaibh ar
mhaith libh a fhógairt nó má tá aon chomhairle uait
maidir le tionscnamh ealaíne a fhorbairt sa Ghaeltacht



Eolas Fúinn



Micheál Ó Fearraigh
Feidhmeannach Forbartha Ealaíne
r/p: m.fearraigh@udaras.ie
t: +353 (0)74 95 60100



Muireann Ní Dhroighneáin
Áisitheoir Ealaíona Connacht & Co. na Mí
r/p: m.nidhroighneain@udaras.ie
t: +353 (0)91 503 100




Rachel Holstead
Áisitheoir Ealaíona Mumhan
r/p: r.holstead@udaras.ie
t: +353 (0)66-9150100



Danielle Nic Pháidín
Áisitheoir Ealaíona Thír Chonaill
r/p: d.nicphaidin@udaras.ie
t: +353 (0)74 95 60100



Elaine Scahill
Comhordaitheoir sna hEalaíona Dúchasacha don Óige
r/p: e.scahill@udaras.ie
t: +353 (0)91 503 100



Anna Ní Fhlátharta
Riarthóir ar Chlár sna hEalaíona Dúchasacha don Óige
r/p: a.nifhlatharta@udaras.ie
t: +353 (0)91 503 100

